Teach an Údaráis, Carna, Co. na Gaillimhe, H91 X07X.
Fón: 095-32688
eolas@conamaralair.ie
www.conamaralair.ie

Comórtas Grianghrafadóireachta Chonamara Láir

Téarmaí & Coinníollacha

1. Ní ghlacfar ach le grianghraif de cheantar Chonamara Láir. Is iad na ceantair atá i gConamara Láir ná Camus, Ros Muc, Cill Chiaráin, Carna, An Caiseal, Sraith Salach, chomh maith le hInis Ní & Iorras Beag i gceantar Chloch na Rón & An Léim.

2. Tugann tú cead do phictiúr a bheith in úsáid ar shuíomh idirlín www.conamaralair.ie, ábhar bolscaireachta agus ar leathanaigh meáin sóisailta Chonamara Láir. Tabharfar aitheantas don ghrianghrafadóir ar an suíomh idirlín.

3. Ní mór go mbeadh ainm, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist an ghrianghrafadóra, ainm an phictiúir agus an ceantar inar tógadh an pictiúr in éineacht le gach grianghraf. Tá cead tuismitheora nó caomhnóra riachtanach má tá tú faoi 18 bliana d'aois.

4. Níl cead ach pictiúir a thóg tú féin a úsáid le cur isteach ar an gcomórtas. Ní ghlacfar le pictiúir atá tógtha ó fhoinsí eile. (msh. suímh idirlín nó eile)

5. Níor chóir go mbeadh leasú déanta ar an bpictiúr (msh. photoshop nó eile).

6. Is leis an ngrianghrafadóir an cóipcheart i gcónaí.

7. Roghnófar triúr buaiteoir go randamach agus bronnfar dearbháin de luach €100, €50 & €30 orthu faoi seach. Roghnófar na buaiteoirí go randamach. Is i siopaí & gnóthaí Chonamara Láir amháin a bheifear in ann na dearbháin a chaitheamh. Beidh sé suas ag na buaiteoirí ceann de ghnóthaí Chonamara Láir a roghnú.

8. Is ag Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir a bheas an focal deiridh maidir leis na Téarmaí agus na Coinníollacha seo nó maidir le haon ábhar eile a eascraíonn as an gcomórtas agus ní bheidh sé faoi réir ag achomharc. Ní ghlacfar le haon chomhfhreagras ina leith.